Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2021**
**(OR. en)**

**11441/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0280 (NLE)**

**UK 191**
**IXIM 167**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 495 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (Prüm), tréimhse ar lena linn is féidir próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 495 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 495 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.8.2021
COM(2021) 495 final

2021/0280 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (Prüm), tréimhse ar lena linn is féidir próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach i dtaca le hAirteagal 540(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear 'CTC' anseo feasta).

Cuimsíonn CTC an fhéidearthacht i leith comhar cómhalartach idir údaráis inniúla fhorfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Ríocht Aontaithe, ar an taobh eile, maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. Ionas go mbainfidh an Ríocht Aontaithe leas as na féidearthachtaí sin, ní mór di na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór meastóireacht a dhéanamh uirthi.

Roimh CTC, bhí an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ag comhoibriú le chéile cheana féin trí chomparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA agus méarloirg, agus trí shonraí pearsanta a sholáthar tar éis amas a fháil. Ar mhaithe le bearna sa chomhar leanúnach a sheachaint, sonraítear in CTC go bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, go dtí go mbeidh toradh ar na meastóireachtaí a éilítear faoi CTC . Is féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh nach faide ná naoi mí a chur leis an tréimhse eatramhach sin, i.e. go dtí an 30 Meitheamh 2022.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

Le CTC, leagtar síos an bonn le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, laistigh de limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta, caidreamh arb é is príomhthréith dó dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar chomhar agus a dhéanann neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe a urramú. Tháinig CTC i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021 agus bhunaigh sé Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach, i measc nithe eile.

### 2.2. An Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach

Bunaíodh an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a chumhdaítear le Cuid a Trí de CTC, dar teideal 'Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla'. Bhunaigh CTC roinnt Coistí Speisialaithe.

Maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, beidh sé de chumhacht ag Coistí Speisialaithe, i measc nithe eile, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme CTC agus feidhmiú cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, cúnamh a thabhairt don Chomhairle Comhpháirtíochta uileghabhálach i gcomhlíonadh a cúraimí, agus cinntí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe agus moltaí i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú sin nó in aon chomhaontú forlíontach.

### 2.3. Gníomhaíocht bheartaithe an Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach

Foráiltear le hAirteagal 540(3) de CTC gur féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de chomparáid a dhéanamh ar shonraí dá dtagraítear in Airteagail 530, 531 agus 534 agus, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le cúnamh dlíthiúil, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 de CTC. Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin an 30 Meán Fómhair 2021, mura gcinneann an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh nach faide ná naoi mí a chur léi.

Maidir leis cinneadh an Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach i ndáil le síneadh a chur leis an tréimhse thuasluaite, féadfaidh an cinneadh sin a bheith i bhfoirm ar bith. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí na gcomhchathaoirleach (féach Airteagal 1(2) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CTC). Is féidir an cinneadh a ghlacadh tráth ar bith, ach ar mhaithe le bearna sa chomhar a sheachaint, níor mhór é a ghlacadh roimh an 1 Deireadh Fómhair 2021.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Cúlra

Cuimsíonn CTC an fhéidearthacht i leith comhar cómhalartach idir údaráis inniúla fhorfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Ríocht Aontaithe, ar an taobh eile, maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. Ionas go mbainfidh an Ríocht Aontaithe leas as na féidearthachtaí sin, ní mór di na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór meastóireacht a dhéanamh uirthi.

Ar bhonn tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn triail phíolótach, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe.

Faoi CTC, ní mór meastóireacht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe freisin maidir le haistriú uathoibrithe sonraí DNA agus dachtalascópacha ar bunaíodh naisc leis an Ríocht Aontaithe ina leith cheana faoi chreat 'Prüm' an Aontais[1].

Faoi Airteagal 540(2) de CTC, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Ríocht Aontaithe de bhun CTC ar bhonn tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn na trialach píolótaí.

Ar mhaithe le bearna sa chomhar leanúnach maidir le sonraí DNA agus dachtalascópacha a sheachaint, sonraítear in CTC go bhféadfaidh na Ballstáit sonraí a sholáthar don Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, go dtí go mbeidh toradh ann ar na meastóireachtaí sin chomh maith leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 540(2) de CTC. Is féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh nach faide ná naoi mí a chur leis an tréimhse eatramhach sin, i.e. go dtí an 30 Meitheamh 2022.

[1] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1) agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

### 3.2. An gá atá le Cinneadh ón gComhairle

Is ag céim an-luath atá an mheastóireacht ar an Ríocht Aontaithe faoi CTC fós. Nósanna imeachta meastóireachta a rinneadh faoi chreat 'Prüm' an Aontais roimhe seo, ghlac siad sé mhí ar a laghad. Ina dhiaidh sin, tá gá le ham breise chun go mbeidh an Chomhairle in ann an tuarascáil mheastóireachta a phróiseáil agus cinneadh foirmiúil a ghlacadh go bhféadfar na sonraí sin a mhalartú. Ar na cúiseanna sin, is beag seans go mbeidh an próiseas thuasluaite tugtha i gcrích faoi mhí Mheán Fómhair 2021. Ciallaíonn sé sin go bhfuil baol suntasach ann go dtiocfadh bearna chun cinn ón 1 Deireadh Fómhair 2021 ar aghaidh sa chomhar maidir le sonraí DNA agus dachtalascópacha. Bheadh rioscaí coincréiteacha do shlándáil inmheánach an Aontais i gceist leis sin. Ós rud é nach féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach ach uair amháin, moltar é sin a dhéanamh ar feadh uastréimhse naoi mí, i.e. go dtí an 30 Meitheamh 2022.

An tráth céanna, ní mór a chur san áireamh go ndearna an tAontas meastóireacht cheana ar an Ríocht Aontaithe maidir le malartú próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha faoi chreat 'Prüm' an Aontais. Níl an Coimisiún ar an eolas faoi aon bheart reachtach nó rialála atá déanta ag an Ríocht Aontaithe ós rud é go ndéanfadh na meastóireachtaí sin difear do thoradh na meastóireachta atá ar siúl faoi láthair faoi CTC. Is é sin le rá, *prima facie*, glacann an Coimisiún leis go gcuireann an Ríocht Aontaithe na nósanna imeachta agus na coinníollacha céanna i bhfeidhm fós agus a bhí aici nuair a rinneadh meastóireacht uirthi in 2018 (i gcás próifílí DNA) agus in 2019 (i gcás sonraí dachtalascópacha) faoi chreat 'Prüm' an Aontais.

Sna himthosca sin, is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a leagan síos, seasamh maidir leis an síneadh a d'fhéadfadh a chur leis an tréimhse de bhun Airteagal 540(3) de CTC, tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí a mhalartú, mar a thagraítear dó sin in Airteagail 530, 531 agus 534, agus, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le cúnamh dlíthiúil, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 de CTC.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

[2] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bunaíodh le comhaontú, eadhon CTC.

Foráiltear le hAirteagal 540(3) de CTC gur féidir leis an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí dá dtagraítear in Airteagail 530, 531 agus 534 a mhalartú agus, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 de CTC leis an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, is faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE a thagann glacadh sheasamh an Aontais i leith na bhfógraí sin.

Is ar an Aontas ina iomláine, mar pháirtí in CTC, a thiteann éifeachtaí dlíthiúla an tsínidh. Ciallaíonn sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith an ábhair sin.

Ní bheidh i gceist leis an gcinneadh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) CTC go ndéanfar creat CTC a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis san am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús substainteach dlí atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Leis an síneadh ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) de CTC, saothraítear cuspóirí i réimse an chomhair phóilíneachta agus tá comhpháirteanna ann a bhaineann leis an réimse sin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 87(2)(a) CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 87(2)(a) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

2021/0280 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (Prüm), tréimhse ar lena linn is féidir próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2)(a), i gcomhar le hAirteagal 128(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear 'CTC' anseo feasta)[3], déantar foráil maidir le comhar cómhalartach idir údaráis inniúla fhorfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Ríocht Aontaithe, ar an taobh eile, maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. Mar réamhriachtanas don chomhar sin, ní mór don Ríocht Aontaithe na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór don Aontas meastóireacht a dhéanamh uirthi.

(2) Ar bhonn tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn triail phíolótach, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe de bhun CTC.

(3) Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe freisin maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile, próifílí agus sonraí ar bunaíodh naisc leis an Ríocht Aontaithe ina leith cheana faoi chreat 'Prüm' an Aontais[4].

(4) Faoi Airteagal 540(2) de CTC, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Ríocht Aontaithe ar bhonn

[3] IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10-2539.

[4] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1) agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn na trialach píolótaí.

(5) Go dtí go mbeidh toradh ann ar an meastóireacht, chomh maith leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 540(2) de CTC, ar mhaithe le bearna a sheachaint sa chomhar leanúnach maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha, déantar foráil le hAirteagal 540(3) de CTC go bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.

(6) Le hAirteagal 540(3) de CTC, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh nach faide ná naoi mí a chur leis an tréimhse sin uair amháin, i.e. go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(7) Ní dócha go mbeidh an próiseas dá dtagraítear in aithrisí 3 go dtí 6 tugtha chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021. Dá bhrí sin, tá baol suntasach ann go dtiocfadh bearna chun cinn ón 1 Deireadh Fómhair 2021 ar aghaidh sa chomhar maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha. Bheadh rioscaí coincréiteacha do shlándáil inmheánach an Aontais i gceist leis sin.

(8) An tráth céanna, rinne an tAontas meastóireacht ar an Ríocht Aontaithe cheana maidir le malartú próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha i gcomhthéacs chreat 'Prüm' an Aontais nuair a bhí an Ríocht Aontaithe fós ina Ballstát. Níl an tAontas ar an eolas faoi aon bheart reachtach nó rialála atá déanta ag an Ríocht Aontaithe ós rud é go ndéanfadh na meastóireachtaí sin difear do thoradh na meastóireachta atá ar siúl faoi láthair faoi CTC.

(9) Sna himthosca sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a leagan síos, seasamh maidir leis an éifeacht a bheadh ann dá mba rud é go n-aontódh an tAontas le síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2022 a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí a mhalartú, mar a thagraítear dó sin in Airteagail 530, 531 agus 534, agus, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 de CTC,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe maidir um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach de bhun Airteagal 540(3) de CTC, aontú le síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2022 a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí pearsanta a mhalartú, mar a thagraítear dó sin in Airteagail 530, 531 agus 534, agus sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 de CTC leis an Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*